

[03\\_02.mp3](#)

**Téipscript**                      **Bileog 3.2**

Is maith liom galf a imirt  
Is maith liom dul ag snámh  
Is maith liom bheith ag léamh

[03\\_03.mp3](#)

**Téipscript**                      **Bileog 3.3**

Jan:                      An bhfuil tú saor Dé Sathairn?  
Máire:                  Fan go bhfeicfidh mé. Tá. Tá cinnte. Cad é a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?  
Jan:                      Bhuel, is maith liom galf a imirt agus dul ag snámh. Is maith liom bheith ag léamh agus is breá liom dul go dtí an phictiúrlann.  
Máire:                  Is breá liomsa galf a imirt chomh maith. An maith leatsa leadóg tábla a imirt?  
Jan:                      Oh, is breá liom é.  
Máire:                  Go hiontach. Tá tábla leadóige agamsa sa bhaile.  
Jan:                      Go hiontach, galf ar dtús mar sin. Leadóg tábla i do theachsa agus an phictiúrlann san oíche!

[03\\_05.mp3](#)

**Téipscript**                      **Bileog 3.5**

Comhrá 1

- An bhfuil suim agat sa pheil?
- Tá. Tá suim mhór agam sa pheil.

Comhrá 2

- An bhfuil suim agat i leadóg, a Mháire?
- Ó is fuath liom í. Níl suim ar bith agam inti.

Comhrá 3

- An bhfuil suim agat i stair na hÉireann?
- Níl mórán suime agam inti i ndáiríre.

Comhrá 4

- An bhfuil suim agat i ndrámáí?
- Níl suim ar bith agam iontu. Ní théim go dtí an amharclann ar chor ar bith.

Comhrá 5

- An bhfuil suim agat i gceol traidisiúnta?
- Tá sé ceart go leor, ach níl mórán suime agam ann.

[03\\_09.mp3](#)

**Téipscript**                      **Bileog 3.9**

1. Tá sé ina bhall de chlub leadóige.
2. Tá mé i mo bhall de chlub peile.
3. Tá siad ina mbaill den Chumann Gaelach.
4. Tá tú i do bhall de chumann siúl sléibhe.
5. Tá sí ina ball de chumann staire.
6. Tá siad ina mbaill de chlub seoltóireachta.
7. Tá mé i mo bhall de chlub sacair.
8. Tá sí ina ball de chumann léitheoireachta.
9. Tá tú i do bhall de chlub damhsa.
10. Tá sé ina bhall de chumann litríochta.

[03\\_12.mp3](#)

**Téipscript**                      **Bileog 3.12**

- Sinéad: Is fear an-ghnóthach tú a Sheáin, ach cad a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?
- Seán: Is breá liom bheith ag léamh leabhar a Shinéad. Tá suim mhór agam sa stair agus tá mé i mo bhall de chumann léitheoireachta.
- Sinéad: Tá cuma aclaí ort. An imríonn tú spórt ar bith?
- Seán: Ó, go raibh maith agat. Imrím. Imrím galf, téim ag snámh agus is breá liom bheith ag seoltóireacht nuair a bhíonn an t-am agam.
- Sinéad: Cé chomh minic is a imríonn tú galf?
- Seán: Imrím galf de ghnáth uair sa tseachtain. Téim ag snámh uair sa lá, gach maidin.

